**Maidir le:**

Lena chaingean bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir cinneadh intuigthe ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) an 10 Samhain 2021 lenar diúltaíodh go hintuigthe dá iarratas rochtana daingniúcháin ar dhoiciméid dar teideal "Tuarascáil chríochnaitheach OLAF OF/2015/0034/B4 maidir le gníomhaíochtaí soilsiú poiblí Élios Innovatív Zrt" a chur ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Ní gá breith a thabhairt ar an gcaingean a thuilleadh.

2. Ordaítear don Choimisiún Eorpach na costais a íoc.

(1) IO C 84, 21.2.2022.

---

**Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 30 Bealtaine 2022 –OT v an Chomhairle**

**(Cás T-193/22 R)**

***(Bearta idirlinne – An Comhbheartas Eachtrach agus Slándála – Bearta sriantacha arna nglacadh i ndáil le gníomhaíochtaí de chuid na Rúise lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochta sin ar an méid sin – Reo cistí – Iarratas ar bhearta idirlinne – Easpa bunús dlí – Easpa práinne)***

(2022/C 284/58)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* OT (ionadaithe: J.-P. Hordies agus C. Sand, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: V. Piessevaux, A. Boggio-Tomasaz agus M.-C. Cadilhac, i gcáil Gníomhairí)

**Maidir le:**

Lena iarratas de bhun Airteagail 278 agus 279 CFAE, iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta, *inter alia*, cur chun feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/427 ón gComhairle an 15 Márta 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 871, lch. 1) agus Chinneadh (CBES) 2022/429 ón gComhairle an 15 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 871 lch. 44) a fhionraí, a mhéid a bhaineann na gníomhartha sin leis an iarratasóir.

**An chuid oibríochtúil**

1) Díbhtear don iarratas ar bhearta idirlinne.

2) Forchoimeádtar na costais.

---

**Ordú Uachtaráin na Cúirte Ginearálta an 3 Meitheamh 2022 – Mariani v an Pharlaimint**

**(Cás T-196/22 R)**

***(Bearta idirlinne – Dlí institiúideach – Comhalta Parlaiminte – Eisiamh ó pháirt a ghlacadh i dtoscaireachtaí breathnóireachta toghcháin na Parlaiminte – Iarratas ar bhac forghníomhaithe – Easpa práinne)***

(2022/C 284/59)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Thierry Mariani (Páras, an Fhrainc) (ionadaí: F.-P. Vos, Dlíodóir)